# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 – an Chambóid agus CRF v an Coimisiún**

**(Cás T-246/19)** ([1])

***(Bearta cosanta – Margadh na híse – Allmhairí ríse Indica ón Chambóid agus Maenmar/Burma – Rialachán (UE) Uimh. 978/2012 – Coincheap "táirgeoirí de chuid an Aontais" – Coincheap "táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach" – Deacrachtaí móra – Cearta chun cosanta – Fíorais agus breithnithe riachtanacha – Earráidí follasacha measúnaithe)***

(2023/C 15/45)

*Teanga an cháis: an Béarla.*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Ríocht na Cambóide, Cambodia Rice Federation (CRF) (Phnom Penh, an Chambóid) (ionadaithe: R. Antonini, E. Monard agus B. Maniatis, avocats)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Biolan, H. Leupold agus E. Schmidt, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe mar thaca leis an gcosantóir:* Ente Nazionale Risi (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: F. Di Gianni agus A. Scalini, Dlíodóirí), Poblacht na hIodáile (ionadaithe: G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó P. Gentili, avvocato dello Stato)

**Ábhar**

Trína gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go neamhneofaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019, lena mbunaítear bearta cosanta maidir le hallmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Maenmar/Burma (IO 2019, L 15, lch. 5), trína ndearna an Coimisiún Eorpach dleachtanna na Comhtharaife Custaim a athbhunú ar allmhairí na ríse sin ar feadh tréimhse trí bliana agus lenar chuir sé laghdú de réir a chéile i bhfeidhm ar an ráta dleachta is infheidhme.

**An chuid oibríochtúil**

1) Neamhnítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019, lena mbunaítear bearta cosanta maidir le hallmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Maenmar/Burma.

2) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Ríocht na Cambóide agus Cambodia Rice Federation (CRF) a íoc.

3) Ordaítear do Phoblacht na hIodáile agus Ente Nazionale Risi a gcostais féin a íoc.

([1]) IO C 213, 24.6.2019.